

# Moltaí praiticiúla

maidir le caidreamh oifigeach poiblí le hionadaithe leasa



Ombudsman  
Eorpach

## NITHE IS CEART A DHÉANAMH

- 1 Deimhnigh an gá d'ionadaithe leasa a bheith cláraithe i **gClár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh** sula mbuaileann tú leo nó sula nglacann tú le cuireadh chuig imeacht.
- 2 Ullmhaigh go maith don chruinniú agus déan taighde bunúsach le deimhniú cad iad na leasanna a ndéanann siad ionadaíocht dóibh agus **cé a thugann maoiniú dóibh**. Iarr tuilleadh faisnéise, más gá.
- 3 Cinntigh go nochtfaidh siad roimh ré **cuspoir an chruinnithe/an tsaincheist** a phléifear, ainmneacha na rannpháirtithe agus na n-eagraíochtaí agus/nó na gcliant ar thar a gceann a ghníomhaíonn siad, mar aon le haon fhaisnéis ábhartha eile.
- 4 Measúnaigh **aon choinbhleacht** a d'fhéadfadh a bheith ann idir do leasanna príobháideacha agus leas an phobail agus seachain aon choinbhleacht, agus déan machnamh ar an tuairim a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar do chaidreamh.
- 5 **Stad agus déan machnamh** ar an mbealach chun tosaigh, má bhíonn amhras ort. Más gá, téigh i gcomhairle le do bhainisteoirí agus, má chinntear gur cheart leanúint ar aghaidh leis an gcruinniú, cuir nóta leis an gcomhad chun an méid sin a mhíniú.
- 6 Bí ar an eolas nach i suíomh foirmiúil a dhéantar gach ionadaíocht leasa. Is féidir brústocaireacht a dhéanamh freisin le linn cruinnithe neamhfhoirmiúla agus i **suíomhanna sóisialta**. Gníomhaigh ar bhealach gairmiúil i gcónaí.
- 7 Coinnigh dea-nósanna **coimeádta taifead** ar bun, lena n-áirítear dáta/láthair an chruinnithe, ainmneacha na rannpháirtithe, na n-eagraíochtaí agus/nó na gcliant agus na saincheistanna a pléadh. Bain úsáid as córas bainistíochta comhad oifigiúil d'eagraíochta féin.
- 8 Cloigh leis na **ceanglais nocht** is infheidhme, mar shampla, i gcás an Choimisiúin, nocht sonraí faoi chruinnithe idir ionadaithe leasa agus Coimisinéirí, comhaltaí Comhairle agus Ard-Stiúrthóirí.
- 9 Tuairiscigh cleachtais bhrústocaireachta a mheastar a bheith do-ghlactha, go háirithe i bhfianaise an **Chóid Iompair** d'ionadaithe leasa a eisíodh mar chuid de Chlár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh.
- 10 Tabhair eolas duit féin ar na rialacha sonracha a bhaineann le d'eagraíocht féin, mar shampla, **trí oiliúint**. Murab ionann na rialacha sonracha sin agus na moltaí praiticiúla seo, ba cheart tús áite a thabhairt do na rialacha i bhformhór na gcásanna.

## NITHE NACH CEART A DHÉANAMH

- 1 Ná buail le hionadaithe leasa nach bhfuil cláraithe i **gClár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh** i gcás nach gceadaítear nó nach moltar duit i do rialacha féin déanamh amhlaidh; iarr ar an ionadaí clárú i gcás go dtagann a g(h)níomhaíochtaí faoin raon feidhme sin.
- 2 Ná déan neamhiontas de na **rúin** atá acu siúd a iarrann cruinnithe nó a thugann cuireadh duit freastal ar imeachtaí. Déanann raon éagsúil eagraíochtaí brústocaireacht, lena n-áirítear comhlachtaí comhairleoireachta, gnólachtaí dlí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, meithleacha machnaimh, feachtais phobail, ...
- 3 Ná déan caidreamh le hionadaí leasa ar leith gan smaoineamh ar dheis den chineál céanna a thairiscint do **ghrúpaí eile**.
- 4 Ná glac le haon chuirí chuig cruinnithe nó imeachtaí a d'fhéadfadh d'eagraíocht a chur i **staid mhíchuibhiúil**.
- 5 Ná déan dearmad do chomhghleacaithe iomchuí agus do bhainisteoirí **a chur ar an eolas** faoi thorthaí aon chruinnithe agus aon imeachtaí.
- 6 Ná glac le cruinnithe, agus ná heagraigh cruinnithe, **lasmuigh d'uaireanta oifige** nó den áitreabh oifigiúil. Má dhéanann tú amhlaidh, smaoinigh ar do bhainisteoirí a chur ar an eolas faoi sin agus tabhair rannpháirt do chomhghleacaí eile freisin.
- 7 Ná déan agus ná habair rud ar bith a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhfuil tú ag **caitheamh go fabhrach** le hionadaí leasa.
- 8 Ná tabhair le fios d'ionadaí leasa go mbeidh, nó go bhféadfadh go mbeadh, aon chomhairle, aon smaoineamh nó aon fhaisnéis ar leith **cinniúnach** sa phróiseas cinnteoireachta.
- 9 Ná comhroinn faisnéis **nach bhfuil údarás agat** i a chomhroinnt agus ná bain mí-úsáid as faisnéis faoi rún.
- 10 Ná glac le **fáilteachas** ó ionadaí leasa gan breithniú cúramach a dhéanamh ar dtús agus mura bhfuil sé ag teacht leis na rialacha is infheidhme. Nuair is gá, déan tuairisciú ar aon tabhartais agus aon fháilteachas a fuarthas.